# Curaclam Teanga na Bunscoile: Dréachtchreat le haghaidh pleanáil ghearrthréimhseach ④

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht



Is cuid de shraith doiciméad é an dréachtchreat seo le haghaidh pleanáil ghearrthréimhseach chun tacú le Curaclam nua Teanga na Bunscoile. Is dréachtaí iad na creataí pleanála seo chun deis a thabhairt do mhúinteoirí aiseolas a thabhairt. Bainfear leas as an aiseolas sin agus uirlis phleanála á cruthú, uirlis a thacóidh leis an stíl phleanála is fearr leis an múinteoir. Bailítear aiseolas ar an nasc suirbhé anseo. Ná bíodh leisce ort na creataí a chur in oiriúint de réir na pleanála is fearr leat agus de réir chomhthéacs do ranga féin.

Sa dréachtchreat seo le haghaidh pleanáil ghearrthréimhseach tá dhá roinn: Foghlaim Thuartha agus *Tacú leis an bhFoghlaim*.

**Foghlaim Thuartha:** Sa roinn seo, sainaithin an fhoghlaim a mheastar a tharlóidh do ghrúpa amháin nó níos mó ná sin de pháistí. Chun an fhoghlaim a shainaithint, féadann tú na torthaí foghlama, na mórchéimeanna agus na mionchéimeanna dul chun cinn atá i ndoiciméad Churaclam Teanga na Bunscoile a úsáid agus/nó dul isteach sa churaclam ag www.curriculumonline.ie

1. Torthaí foghlama: Cuir isteach an lipéad atá ag ceann amháin, dhá cheann nó trí cinn de na torthaí foghlama a bhfuil an plean ag díriú orthu. Cé go mbeifear ag díriú go príomha ar na torthaí seo don tréimhse a chlúdaítear sa phlean, ní chiallaíonn sin go dtabharfar neamhaird ar thorthaí foghlama eile a bhaineann leo.

*Coinnigh súil amach don tsiombail fáiscín páipéir seo taobh le roinnt torthaí foghlama sa Churaclam Teanga. Léiríonn an tsiombail seo go bhfuil na scileanna a chlúdaítear sa toradh foghlama seo inaistrithe chuig toradh foghlama i dteanga eile na scoile.*

2. Gnéithe: Cuir isteach an t-ainm atá ar an ngné/ na gnéithe a fhreagraíonn don toradh foghlama atá roghnaithe. Tá trí ghné de theanga ann agus úsáidtear na giorrúcháin seo lena n-aghaidh: *Cumarsáid, Tuiscint* agus *Fiosrú* agus *Úsáid*. Tá na gnéithe céanna seo le fáil sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

3. Mórchéimeanna: Roghnaigh litir na mórchéime is fearr a chuireann síos ar an áit a bhfuil na páistí i do rang maidir leis na torthaí foghlama atá roghnaithe agat. Nuair a mheasann tú gur gá an toradh a dhifreáil, cuir isteach an mhórchéim/ na mórchéimeanna cuí do gach grúpa foghlama. B'fhéidir go mbeadh sé ina chuidiú agat na mórchéimeanna a léamh ar líne agus breathnú ar na samplaí foghlama a bhaineann leo chun tuairim a fháil ar an áit a bhfuil na páistí ina gcuid foghlama.

4. Mionchéimeanna dul chun cinn: Roghnaigh an chuid de mhionchéim dul chun cinn a mbeifear ag díriú uirthi sa teagasc agus san fhoghlaim don tréimhse a chlúdaítear sa phlean seo. Mar gheall ar a leithne atá gach mionchéim dul chun cinn aonair, ní mholtar go gcuirfí mionchéim dul chun cinn iomlán isteach sa phlean gearrthréimhseach.

An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills
NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

B'fhéidir go gcuideoidh na ceisteanna seo a leanas leat agus tú ag iarraidh cinneadh a dhéanamh cén chuid de mhionchéim dul chun cinn a chuirfidh tú sa phlean:

- Ar mhaith liom daingniú a dhéanamh ar chuid de mhionchéim dul chun cinn a teagascadh roimhe seo?
- Ar mhaith liom díriú ar chuid eile den mhionchéim dul chun cinn ar chuir na páistí tús léi cheana?
- An bhfuil na páistí/ grúpa de pháistí réidh le bogadh go dtí an chéad mhórchéim eile agus an mhionchéim dul chun cinn a bhaineann léi? Má tá, cuimhnigh an litir a bhaineann leis an mórchéim nua a chur isteach i do phlean.

**Tacú leis an bhFoghlaim:** Sa roinn *Tacú leis an bhFoghlaim*, sainaithin an t-ábhar foghlama agus na heispéiris foghlama a thacaíonn le dul chun cinn an pháiste.

Ábhar Foghlama: Sainaithin a bhfuil sé i gceist agat a theagasc. Ar mhaithe le soiléire, féadtar an t-ábhar a chur i láthair as féin faoi na trí shnáithe.

Eispéiris Foghlama: Chun tacú leis an naisc nádúrtha idir na trí shnáithe, féadtar na heispéiris foghlama a phleanáil sna trí shnáithe uile. Sa teimpléad seo is scáth-théarma é Eispéiris Foghlama do na réimsí seo a leanas: modheolaíochtaí; cuimsiú/difreáil; acmhainní; naisc agus comhtháthú; measúnú nó an plean atá agat chun dul cinn na bpáistí san fhoghlaim a aithint.

**Cuntas Míosúil agus machnamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim:** Ach úsáid a bhaint as an gCuntas Míosúil, an colún'CM' in aice le 'A mbeidh á fhoghlaim', féadann tú tic a chur sa bhosca sin le taifead a dhéanamh ar an méid a teagascadh. Ach úsáid a bhaint as an mbosca insinte ag deireadh an teimpléid, féadann tú tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ag deireadh na míosa. Lena chois sin, cuirfidh an machnamh seo bonn eolais faoi do chinntí faoin gcéad phlean gearrthréimhseach eile. Chun treoir a fháil le haghaidh do chuid machnaimh, féadann tú tagairt do na leideanna atá ar fáil sa teimpléad.

Ábhar tacaíochta: Nuair atá an roinn *Tacú leis an bhFoghlaim* á comhlánú agat, b'fhéidir gur mhaith leat cuairt a thabhairt ar www.curriculumonline.ie chun teacht ar ábhar tacaíochta an Churaclaim Teanga



| Plean Gearrthréimhseach agus Cuntas Míosúil (CM) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta: | | Céim/Rang: | | Ábhar: | | Múinteoir: | |

| Foghlaim Thuartha |
|---|
| Sainaithin an fhoghlaim thuartha. Déan tagairt, le do thoil, do na torthaí foghlama agus do na contanaim agus/nó snáitheanna agus gnéithe gaolmhara |
| |

*** Chun críocha pleanála, tá Torthaí Foghlama roghnaithe le gur féidir díriú orthu ach ní hionann sin agus a rá nár chóir Torthaí Foghlama eile atá gaolmhar a mhúineadh freisin. Más mian leat, is féidir leat torthaí agus eispéiris le haghaidh gach a bhfuil sé i gceist agat a mhúineadh a chur isteach.**

| Tacú leis an bhFoghlaim | CM |
| --- | --- |
| **Téama/Topaic:**<br>**A mbeidh á fhoghlaim:** | |
| **Eispéiris Foghlama:** | |

| Cuntas Míosúil |
| --- |
| **Cuntas míosúil, machnamh ar...**<br>An Próiseas Teagaisc agus Foghlama<br>Dul chun Cinn san Fhoghlaim |